Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 25 Deireadh Fómhair 2023
(OR. en)

14311/23
PV CONS 47
TRANS 427
TELECOM 305
ENER 555

**DRÉACHT-MHIONTUAIRISCÍ**

COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH
(Iompar, Teileachumarsáid agus Fuinneamh)

17 Deireadh Fómhair 2023

**1. Glacadh an chláir oibre**

Ghlac an Chomhairle an clár oibre a leagtar amach in 13893/23.

**Plé reachtach**
**(Plé poiblí i gcomhréir le hAirteagal 16(8) den Chonradh ar an Aontas Eorpach)**

**2. Rialachán lena leasaítear Rialacháin (AE) 2019/943 agus (AE) 2019/942 mar aon le Treoracha (AE) 2018/2001 agus (AE) 2019/944 chun feabhas a chur ar dhearadh an mhargaidh leictreachais san Aontas** ❶C 14084/23 14085/23
*Cur chuige ginearálta*

Tháinig an Chomhairle ar chur chuige ginearálta, ar bhonn an téacs a cuireadh faoi bhráid na Comhairle, roinnt leasuithe a moladh le linn an chruinnithe san áireamh. Leagtar amach ráiteas a ghabhann leis an mír seo san Iarscríbhinn.

**Aon ghnó eile**

3. (a) An staid fuinnimh san Úcráin[1] 14218/23
*Faisnéis*

(b) Dearbhú polaitiúil maidir le maoiniú i dtaca le héifeachtúlacht fuinnimh agus an Chomhghuaillíocht Eorpach um Maoiniú i dtaca le hÉifeachtúlacht Fuinnimh 13988/23
*Faisnéis ón gCoimisiún*

(c) Dréacht-PNFAnna nuashonraithe - staid na himeartha maidir le haighneachtaí agus measúnú ón gCoimisiún 13992/23
*Faisnéis ón gCoimisiún*

(d) Ullmhacht don gheimhreadh 2023/2024 13993/23
*Faisnéis ón gCoimisiún*

**(e) Suaitheadh ar Idirnascaire Mhuir Bhailt (Balticconnector) idir an Fhionlainn agus an Eastóin an 8 Deireadh Fómhair 2023** 2 14089/23
*Faisnéis ó thoscaireachtaí na Fionlainne agus na hEastóine*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis ó thoscaireachtaí na Fionlainne agus na hEastóine.

---

[1] Cur i láthair ó Aire Fuinnimh na hÚcráine.

**(f) Tionchar diúltach mhargadh na lamháltas astaíochtaí gás ceaptha teasa ar an mbeartas fuinnimh agus aeráide agus a indéanta atá sé spriocanna aistrithe fuinnimh a bhaint amach** [F2] 13825/23

*Faisnéis ó thoscaireacht na Polainne*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis ó thoscaireacht na Polainne.

---

[1] An chéad léamh

[F2] Plé poiblí arna mholadh ag an Uachtaránacht (Airteagal 8(2) de Rialacha Nós Imeachta na Comhairle)

[C] Mír atá bunaithe ar thogra ón gCoimisiún

**Ráitis a ghabhann leis na míreanna reachtacha 'b' a leagtar amach in 13893/23**

| | |
|---|---|
| **Maidir le mír 2 ar liosta na míreanna 'B':** | **Rialachán lena leasaítear Rialacháin (AE) 2019/943 agus (AE) 2019/942 mar aon le Treoracha (AE) 2018/2001 agus (AE) 2019/944 chun feabhas a chur ar dhearadh an mhargaidh leictreachais san Aontas**<br>*Cur chuige ginearálta* |

**RÁITEAS ÓN UNGÁIR – Míniú ar an vótáil**

'Cé go bhfuil roinnt gnéithe dearfacha sa chur chuige ginearálta chun infheistíochtaí i dteicneolaíochtaí ísealcharbóin atá ríthábhachtach don aistriú fuinnimh a dhreasú, agus cé go n-aithnítear sa chur chuige ginearálta ról an fhuinnimh núicléach mar fhoinse fuinnimh ghlain atá riachtanach chun an geilleagar a dhícharbónú ar bhealach slán inbhuanaithe, ní féidir leis an Ungáir tacú leis an togra maidir leis an rialachán chun feabhas a chur ar dhearadh mhargadh leictreachais an Aontais lena leasaítear an treoir maidir leis an margadh leictreachais, mar measaimid nach dtugtar dóthain solúbthachta sa togra don Bhallstát rialáil praghsanna faoi bhun an chostais a chur i bhfeidhm más gá sin chun tomhaltóirí teaghlaigh a chosaint i gcás géarchéim fuinnimh. Is é ár dtuairim gur cheart é a bheith de cheart ag na Ballstáit praghsanna leictreachais faoi bhun an chostais a shocrú de réir a n-inniúlachta chun praghsanna iomarcacha fuinnimh do thomhaltóirí teaghlaigh a sheachaint.'